Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Scéim Ghinearálta an Bhille um Phleanáil agus Forbairt Muirí (MPDM)

Ceisteanna Coitianta

Leagan 2, Samhain 2020

Ullmhaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáidí

Clár Ábhair

Réamhrá 5

Cad a athróidh ón réim reatha? 6

Conas a oireann MPDM don phróiseas athchóirithe muirí is leithne? 7

Cad a dhéanfaidh Bille an MPDM? 8

Cén athruithe a dhéanfaidh Bille an MPDM? 8

Conas a oibreoidh an réim nua molta? 9

Conas a dhéanfar iarratas faoi réir na réime nua? 9

Conas a thacaíonn an réim nua le bunchlocha an Choinbhinsin Aarhus? 12

Conas a bheartaítear do dhaoine aonair nó eagraíochtaí páirt a ghlacadh sa chinnteoireacht maidir le aon fhorbairt áirithe molta faoi réir na réime nua? 12

Conas a oibreoidh an Oifig Fhorfheidhmithe Forbartha Muirí (OMDE)? 13

Cad is Limistéar Muirí ann? 13

Cad is Limistéar Neasfharraige ann? 14

Cad is Comhthoil Limistéir Muirí ann? 15

Cad é an difríocht idir comhthoil an Stáit agus comhthoil forbartha? 16

Cé hiad Airí ábhartha agus cad a dhéanfaidh siad? 17

Cad iad Limistéir Gníomhaíochta Straitéiseacha Muirí? 17

Conas a dhéanfar bainistíocht ar fhorbairtí ag deireadh MAC? 18

Conas a dhéanfar dreidireacht chothabhála faoi réir na réime nua? 19

Conas a chaithfear le Suirbhéanna Timpeallachta Muirí faoi réir na réime nua? 20

An mbeidh gach iarratas MAC faoi réir an phróisis comhthola iomlán ag an Stát? 20

Cén athruithe atá ar bun ar an gcóras ceada pleanála? 20

Cén chineálacha forbartha a mbeidh An Bord Pleanála freagrach astu i gcomhair iarratais pleanála? 21

Cén chineálacha forbartha a mbeidh na hÚdaráis Áitiúla freagrach astu i gcomhair iarratais comhthola forbartha? 21

An gciallóidh an Bille MPDM nua go mbeidh an tAcht Urthrá aisghairthe? 21

Tá léas/ceadúnas urthrá agam faoi láthair, cad a tharlóidh leis faoi réir na réime nua? 22

Cad é an cur chuige molta d'fhuinneamh inathnuaite easchósta faoi réir MPDM? 22

Cén socrúcháin aistrithe atá molta do thionscadail ORE? 23

Cad atá athraithe ón Bhille Limistéir Muirí agus Urthrá (Leasú) (MAFA)? 24

Cén dul chun cinn a bhí ar an réim mholta ó foilsíodh an Scéim Ghinearálta i Nollaig 2019? 24

Cén cheisteanna MPDM a ardaíodh le linn rannpháirtíochta geallshealbhóirí ar an gCreat Náisiúnta um Phleanáil Muirí? 26

Aguisín 1: Forléargas na Scéime (de réir foilsithe agus faoi réir athruithe achoimrithe). 29

Aguisín 2: Seicheamh agus Idirghníomhú Comhthola 35

Aguisín 3: Staideanna agus Róil 36

Giorrúcháin 37

Réamhrá

Tugann Scéim Ghinearálta an Bhille um Phleanáil agus Forbairt Muirí (MPDM) faofa ag an Rialtas i Nollaig 2019 leagan amach ar théarmaí leathan ar réim nua chun bainistíochta ar fhorbairt agus gníomhaíochtaí i Limistéar Muirí na hÉireann. Is é an Bille MPDM molta é an píosa is suntasaí reachtaíochta bhainistíochta muirí na hÉireann ó achtaíodh an tAcht Urthrá in 1933 agus, i gcomhthéacs an Chreat Náisiúnta um Phleanáil Muirí, athróidh sé ó bhonn an bealach a dhéantar bainistíocht ar spás muirí na hÉireann.

Beidh an réim nua sin ag athchur réimeanna comhthola Stáit agus forbartha reatha agus déanfaidh sé cuíchóiriú ar shocrúcháin ar bhonn prionsabail comhthola singil, i.e. Comhthoil aon stáit (Comhthoil Limistéir Muirí) chun lonnaíocht a bhunú ar an Limistéir Muirí agus comhthoil forbartha (cead pleanála) le measúnú comhshaoil singil. Soláthraíonn sé forálacha treisithe chun tuilleadh pleanála faoi réir an Chreat Náisiúnta um Phleanáil Muirí agus cumhachtaí is forálacha nua maidir le forfheidhmiú agus comhréireacht.

Tá scóip leathan ag an reachtaíocht molta, go leor mionsonraí, agus i gcodanna áirithe, casta go teicniúil. Is aidhm leis an gcáipéis seo a mhíniú:

- cad atá sa Scéim Ghinearálta;
- conas a bheartaítear an réim nua a oibriú;
- príomh-choincheapa;
- athruithe d'athruithe aistrithe
- na réime pleanála; agus
- éabhlóid na réime ó foilsíodh an Scéim.

Tá an cháipéis seo struchtúrtha i bhformáid FAQ.

Clásal Séanta

Tá an fhaisnéis a fhaightear sa cháipéis seo agus gach cáipéis eile táirgthe mar chuid d'fhorbairt ar dhréacht an Bhille MPDM (lena n-áirítear cóip den Scéim Ghinearálta) chun cuspóirí léirithe ginearálta amháin.

Tugtar gach próisis, léaráidí, agus léarscáileanna achoimrithe sna cáipéisí seo chun cuspóirí léiritheacha go hiomlán agus tá siad faoi réir athruithe suntasacha roimh achtaithe agus trí reachtaíocht thánaisteach. Dá bhrí sin, níor chóir brath ar an bhfaisnéis soláthraithe ann chun feidhmeanna comhthola reatha nó sa todhchaí nó maidir le aon ghníomhaíochtaí sa limistéar muirí.

Cad a athróidh ón réim reatha?

Acht Urthrá	Réim MPDM
Faoi cheannas forbróra	Faoi cheannas an phleain (NMPF)
Tá go leor róil ag an Aire (maoin, comhthoil forbartha, forfheidhmiú)	Tá ról amháin ag na Airí (Maoin).
Docht, gan aird ar scála na gníomhaíochta	Solúbtha, le forálacha don riarachán coibhéiseach
Tá ról cosúil le polasaí ag an Aire i go leor réimsí i gcomhthéacs feidhmeanna earnála	Róil na nAirí ailínithe le freagrachtaí polasaithe
Dúbailt ar mheasúnuithe comhshaoil (Acht Urthrá agus Acht Pleanála)	Measúnú comhshaoil singil (Acht Pleanála)
Próiseas sean-fhaiseanta sa riarachán, casta, a bhraitheann ar ionchur seachtrach	Próiseas nua-aoiseach, simplithe agus dírithe
Teoranta do 12 muirmhíle ón Chladach	Limistéar Muirí 200 muirmhíle (Farraigí Críche, EEZ, Scairbh Ilchríochach)
Bíonn léasuithe idirbheartaithe, comhaontaithe agus léirithe	Tugtar agus bronntar MAC
Forfheidhmithe le coinníollacha léasaithe - achomhairc agus agra ar ais	Cumhachtaí, nósanna imeachta agus coireanna forfheidhmithe stuama - Oifig um Fhordheidhmiú Forbartha Muirí
Rialaíonn an Aire gníomhaíochtaí mionchúiseacha	Réim a cheadaíonn don Údarás Áitiúil

Próiseas Comhuaineach Reatha



Próiseas seichimh sa todhchaí

Conas a oireann MPDM don phróiseas athchóirithe muirí is leithne?

Is píosa amháin é MPDM i bpróiseas níos leithne athchóirithe bainistíochta muirí. Tá an reachtaíocht seo beartaithe chun taca reachtaíochta a sholáthar don phróiseas nuair is gá[1]. Déileálann sé go sonrach le cumhachtaí reachtúla agus forálacha a theastaíonn chun go leor eilimintí den réim nua a chur in áit. Áirítear le comhpháirteanna an athchóirithe sin:

- Pleanáil chun Tosaigh tríd an gCreat Náisiúnta um Phleanáil Muirí. Tabharfaidh sé sin an comhthéacs ina ndéanfar cinntí comhthola sa todhchaí. Is é sin an plean a thiománann é. Nasc chuig leathanach gréasáin NMPF
- Réim comhthola nua an Stáit a rialaíonn fairsinge iomlán an Limistéir Mhuirí. Athchuirfidh sé sin an réim Urthrá reatha atá teoranta d'fharraigí críche.
- Réim cheada pleanála críche a fhairsingiú d'fhorbairt an chósta le breithniúcháin muirí breise.

[1] Tá bunús reachtach leis an gCreat Náisiúnta um Phleanáil Muirí leagtha amach i gCuid 5 den Acht Pleanála agus Forbartha (Leasú) 2018. Beidh na forálacha sin athráite sa reachtaíocht seo, fairsingthe ag forálacha breise, chun soiléire agus léirchruinneas a uasmhéadú.

- Cineálacha forbartha easchósta a chorprú (amhail Fuinneamh Inathnuaite Easchósta) leis an réim cheada pleanála.
- Cumhachtaí forfheidhmithe agus comhréireachta nua don Stáit agus réimeanna comhthola forbartha araon agus bunaíocht Oifige tiomnaithe d'Fhorfheidhmiú Forbartha Muirí.
- Réim ceadaithe nua d'Údaráis Áitiúla le haghaidh gníomhaíochtaí beaga áirithe (amhail ócáidí trá) in áit Ceadúnais Urthrá.

Tugann an Treoir Chreata um Straitéis Muirí bunús comhshaoil do chinntí comhthola i gcomhthéacs muirí. Nasc go Treoir Chreata um Straitéis Muirí

Forbraíodh an réim nua i gcomhthéacs:

- Creat Náisiúnta um Phleanáil Muirí
- Ráiteas Pholasaí Pleanála Muirí
- Treoir Pleanála Spáis Muirí AE
- Treoir Measúnaithe ar Thionchar Comhshaoil an AE (EIA) Athbhreithnithe
- Treoir Fuinnimh Inathnuaite Ateilgthe an AE (RED2)

Cad a dhéanfaidh Bille an MPDM?

- An limistéar muirí ina n-oibreoidh an réim nua a shonrú.
- Réim comhthola singil nua an Stáit a chruthú con limistéar muirí iomlán.
- Foráil a dhéanamh do chomhthoil forbartha singil do gach tionscadal lena n-áirítear Measúnú ar Thionchar Comhshaoil (EIA) agus Measúnú Cuí singil (AA), nuair is cuí.
- Bainistíocht forbartha ar an EEZ agus scairbh ilchríochach.
- Oifig a bhunú um Fhorfheidhmiú Forbartha Muirí
- Forálacha reatha urthrá agus ceada pleanála a choinneáil d'uisceshaothrú agus forbairt bainteach le hiascaigh farraige, faoi réir Achta Urthrá, 1933.

Cén athruithe a dhéanfaidh Bille an MPDM?

- Bunús dlíthiúil a bhunú don Bhord Pleanála agus údaráis áitiúla an chósta le haghaidh comhthola d'fhorbairt sa limistéar muirí.
- Cinntiú go ndéantar EIA/AA do thionscadail easchósta uair amháin sa chóras pleanála, ag aithint comhthola an Stáit agus róil comhthola forbartha ó chéile.
- Réim comhthola nua an Stáit a chruthú don Limistéar Muirí iomlán ag athchur Achta Urthrá teoranta go geografach.
- Síneadh a thabhairt ar na feidhmeanna chead pleanála reatha le húdaráis áitiúla chuig teorainn seachtrach an limistéir neasfharraige nua sonraithe.

- Forbairt easchósta a chur san áireamh laistigh réime an Bhoird chun breithniúcháin.
- Cumhachtaí a chruthú d'údaráis áitiúla chun forbairtí agus gníomhaíochtaí beaga a rialú sa limistéar neasfharraige.
- Forálacha a chruthú d'oibreacha de nádúr éigeandála sa limistéar neasfharraige chun saol nó maoin a chosaint.

Conas a oibreoidh an réim nua molta?

Beidh comhthéacs spásúil agus polasaí socraithe ag an gcreat Náisiúnta um Phleanáil Muirí lena n-áirítear eilimintí amhail Ráiteas Pholasaí Pleanála Muirí, Plean Spáis Muirí, treoirlínte bainistíochta forbartha agus ardán sonraí spásúil comónta a thabharfaidh faisnéis suas chun dáta agus léirithe spásúla ar fheidhmeanna agus comhthola bronnta. Tuilleadh faisnéise ar an NMPF

Chun údarú a fháil d'úsáid muirí molta, beidh forbróir ionchais ag teastáil chun cur isteach ar chomhthoil an limistéir Muirí (MAC) don Aire ábhartha. Má bhíonn feidhm mar sin rathúil, bronnfar don fhorbróir MAC, faoi réir cead pleanála a fháil ó údarás pleanála an chósta nó An Bord Pleanála. Beidh riachtanais maidir le Measúnú ar Thionchar Comhshaoil (EIA), agus maidir le Measúnú Cuí (AA) faoi réir Treoir Gnáthóga comhlíonta i bpróiseáil an iarratais ar chead pleanála. Mura dteastaíonn cead pleanála ó thairiscint, déanfar measúnuithe/scagthástáil an EIA agus AA ag údarás pleanála an chósta nó An Bord Pleanála.

Conas a dhéanfar iarratas faoi réir na réime nua?

Tugann an léarscáil próisis a leanas achoimre ar bhealach an tionscadail chun críochnú.



Tá céimeanna leithne chun dul tríd an bpróiseas iarratais leagtha amach thíos.

Réamh-iarratas

Is próiseas neamhfhoirmiúil é seo inar chóir d'iarratasóirí labhairt leis an Aire ábhartha, geallshealbhóirí leasmhara an Stáit, agus an pobal chun bunúis láidre a leagan amach chun dul tríd an bpróiseas. Cabhraíonn an idirbheartaíocht sin leis na tairiscintí a neartú, béim a chur ar cheisteanna féideartha agus ceadú do réiteach luath roimh iarratas foirmiúil. Beidh scóip an tionscadail seo ag brath go mór ar nádúr, scála agus lonnaíocht aon tairisceana ar leith.

Iarratas ar Chomhthoil an Limistéir Muirí (MAC)

Ní mór d'fhorbróirí ionchasacha cur isteach chuig an Aire ábhartha i gcomhair MAC. Déanfaidh an Aire ábhartha breithniúchán ar cheisteanna amhail:

- Cineál, nádúr, scóip, lonnaíocht agus fairsinge na húsáide muirí molta;
- An bhfuil an tairiscint chun leasa an phobail;
- An duine oiriúnach agus cuí é an t-iarratasóir leis na cumais teicniúla agus airgeadais chun an tairiscint a chríochnú agus a thógáil;
- An bhfuil aon choimhlintí spásúla soiléir;
- An bhfuil an tairiscint i gcomhréir leis an gCreat Náisiúnta um Phleanáil Muirí (NMPF).

Ní dhéanfaidh an Aire ábhartha Measúnú ar Thionchar Comhshaoil nó Measúnú Cuí ar an tairiscint toisc go ndéanfar é sin le linn an cheada pleanála.

Próiseas réamh-iarratais don chead pleanála

Le haghaidh tionscadail ar scála mór b'fhéidir gur gá idirbheartaíocht a dhéanamh leis an mBord Pleanála i gcomhairleoireacht réamh-iarratais. Ní mór MAC a dhaingniú roimh an idirbheartaíocht seo.

Iarratas ar chead pleanála

Is gá d'fhorbróirí dóchúla iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála nó údarás pleanála ábhartha an chósta, mar is cuí, chun measúnaithe ar mhionsonraí an tionscadail maidir le pleanáil agus forbairt inbhuanaithe cuí ar an limistéar i gceist. Is é seo an tréimhse ina ndéanfar comhairleoireacht phoiblí foirmiúil, Measúnú ar Thionchar Comhshaoil agus Measúnú Cuí.

Má dhiúltaítear cead pleanála, ní féidir leis an tairiscint dul ar aghaidh agus tagann deireadh le MAC.

Má bhronntar cead pleanála, bhí coinníollacha ábhartha MAC comhlíonta agus comhthola/faomhaidh eile daingnithe, is féidir leis an tionscadal dul ar aghaidh.

Forfheidhmiú

Beidh Oifig Fhorfheidhmithe Forbartha Muirí freagrach as feidhmeanna comhréireachta agus forfheidhmithe a dhéanamh maidir le deontais comhthola forbartha i gcomhair forbairtí easchósta ag an mBord agus coinníollacha MAC bronnta ag MECC agus MHLGH araon.

Conas a thacaíonn an réim nua le bunchlocha an Choinbhinsin Aarhus?

Coinbhinsiún Aarhus	Leibhéal polasaithe	Leibhéal tionscadail

Rochtain ar Fhaisnéis ar an Timpeallacht (AIE)
Ceart chun faisnéis a lorg ó údaráis poiblí agus an t-oibleagáid ag údaráis poiblí chun faisnéis a sholáthar (éaghníomhach).
 	
Ceart an phobail chun faisnéis a fháil agus oibleagáid ag údaráis poiblí chun faisnéis a bhailiú agus a scaipeadh chun leasa an phobail gan an riachtanas chun iarratas sonrach a dhéanamh (gníomhach).
	• Plean Spáis Muirí
	• Polasaithe earnála
	• Treoirlínte Bhainistíochta Forbartha
	• Scéimeanna Pleanála Muirí SMAZ
	• Ardán sonraí spásúil
	• Atlas Muirí
	• Iarratais AIE Foirmiúla
		• Foilseachán cháipéisíochta sonrach an tionscadail
		  ○ Tuarascáil Measúnaithe ar Thionchar Comhshaoil
		  ○ Ráiteas Tionchar Natura
		  ○ Dearadh tionscadail mionsonraithe
		  ○ Léiriúcháin spásúla
		• Foilseachán scagthástála/measúnaithe
		• Tuarascálacha iniúchóirí ABP/LA
		• Foilseachán cinntí, coinníollacha agus cúiseanna
		• Iarratais AIE Foirmiúla

Rannpháirtíocht an Phobail i gCinnteoireacht
Rannpháirtíocht an phobail ar féidir leis tionchar a fháil nó a bhfuil suim ann i gcinnteoireacht ar ghníomhaíocht ar leith.
 	
Rannpháirtíocht an phobail i bhforbairt pleananna, cláir agus polasaithe a bhaineann leis an gcomhshaol. Rannpháirtíocht an phobail in ullmhúchán dlíthe, rialacha agus noirm atá ceangailteach go dlíthiúil.
	• Comhairleoireacht(aí) an pholasaithe
	  ○ Plean Spáis Muirí
	  ○ Polasaithe earnála
	  ○ Treoirlínte bhainistíochta forbartha
	  ○ Scéimeanna Pleanála Muirí SMAZ
	• Measúnú Comhshaoil Straitéisigh
	• Measúnú Cuí
		• Idirbheartaíocht ath-iarratais ag forbróirí
		• Fógra MAC (Rabhadh pleanála luath)
		• Comhairleoireacht phoiblí ar an bhfeidhm phleanála (4/8 seachtain)
		• Measúnú ar Thionchar Comhshaoil
		• Measúnú Cuí

Rochtain ar Cheartas Bunchlocha a hAon agus a Dó a fhorfheidhmiú Leis an mbunchloch rochtana ar cheartais, bíonn meicníocht ag an bpobal chun dlí comhshaoil a fhorfheidhmiú ar bhealach díreach.	• Ceart Bunreachtúil um rochtain ar na cúirteanna • Athbhreithniú Breithiúnach ar phointí dlí ar an bpróiseas cinnteoireachta	• Achomharc Riaracháin ar chinntí an Údaráis Pleanála do ABP • Ceart Bunreachtúil um rochtain ar na cúirteanna • Athbhreithniú Breithiúnach ar phointí dlí ar an bpróiseas cinnteoireachta leis na Údaráis Pleanála agus an Bhoird araon • Liostaí Tráchtála/Cúirt SID • Éabhlóid i gcomhréir le dlí cás/Treoracha an AE

Conas a bheartaítear do dhaoine aonair nó eagraíochtaí páirt a ghlacadh sa chinnteoireacht maidir le aon fhorbairt áirithe molta faoi réir na réime nua?

Le haghaidh tionscadail aonair, is féidir iarratais ó gheallshealbhóirí agus ón phobal maidir le aon ghníomhaíocht mholta sa Limistéar Muirí a dhéanamh le linn comhthola forbartha leis an seicheamh comhthola. Is féidir iarratais a dhéanamh le linn comhairleoireachta poiblí an cheada pleanála caighdeánaigh. D'fhéadfadh an Bord Pleanála freisin éisteachtaí ó bhéal a reachtáil ar aon iarratais áirithe má ghlacann an Bord leis go bhfuil sin oiriúnach.

Conas a oibreoidh an Oifig Fhorfheidhmithe Forbartha Muirí (OMDE)?

Beidh an OMDE bunaithe mar Oifig neamhspleách faoi réir na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Beidh feidhmeanna aige chun gníomhaíochtaí comhréireachta agus forfheidhmithe a bhaineann le (1) comhthola forbartha bronnta ag an mBord i gcomhair forbartha easchósta (amhail feirmeacha gaoithe) agus (2) coinníollacha MAC bronnta ag MECC agus MHLGH araon.

Cad is Limistéar Muirí ann?

Comhdhéanann an limistéar muirí codanna den fharraige a bhfuil cearta áirithe ag Éirinn faoi réir Coinbhinsin na Náisiún Aontaithe ar Dhlí na Farraige (UNCLOS). Féach suíomh gréasáin UNCLOS anseo.

Tá an limistéar muirí comhdhéanta le:

- Limistéir farraige agus taoide le uiscí inmheánacha an Stáit;
- Farraige críche an Stáit;
- Limistéar Eisiach Eacnamaíoch an Stáit; agus
- Scairbh ilchríochach an Stáit.

Téann an limistéar muirí ó líne bairr láin go dtí teorainneacha seachtracha le scairbh ilchríochach an Stáit. Comhdhéanann an limistéar timpeall 490,000 km². Is ionann limistéar muirí na hÉireann agus seacht n-uaire méid a mórchríche. Nuair a chuirtear grinneall na farraige san áireamh, tá 7,500km líne an chósta ag Éirinn, agus ciallaíonn sin gurb í ceann de na tíortha is mó san AE.



Beidh sé ainmnithe chun cuspóirí:

- Pleanála chun tosaigh (Pleanáil Spáis Muirí)
- Bainistíochta forbartha (cead pleanála)
- Comhthoil an Stáit (Comhthoil Limistéir Muirí)
- Forfheidhmithe

Cad is Limistéar Neasfharraige ann?

Beidh an limistéar neasfharraige ina limistéar nua le ainmniú do gach údarás áitiúil an chósta, ina mbeidh feidhmeanna ceada pleanála agus forfheidhmithe áirithe acu. Chun teorainneacha an limistéir neasfharraige sin a chinntiú, is gá breathnú ar fhachtóirí amhail geografaíocht líne an chósta, ábhair praicticiúla a bhaineann le teorainneacha údaráis áitiúil an chóta agus praicticiúlachtaí maidir le cleachta feidhmeanna údaráis áitiúil an chósta.

Beidh an limistéar seo sa chósta agus rachaidh sé ar feadh go leor ciliméadair ón líne chladaigh.

Cad is Comhthoil Limistéir Muirí ann?

Tugann comhthoil limistéir muirí (MAC) ceart don sealbhóir lonnú ar chuid áirithe den limistéar muirí ar feadh tréimhse teoranta ama, chun na cuspóirí úsáide muirí sonraithe. D'fhéadfaí MAC a bhronnadh chun úsáide eisiamh nó neamh-eisiamh na coda sonraí den limistéar muirí. Ní mór do na cearta bronnta faoi réir MAC do chomhpháirteanna an limistéir muirí a bheith i gcomhréir le forálacha Choinbhinsin na Náisiúin Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS).

Beidh an bronnadh MAC coinníollach ar chomhthoil forbartha riachtanach nó deimhniúchán nach dteastaíonn an comhthoil sin a dhaingniú. D'fhéadfadh go mbeidh scagthástáil Measúnaithe Cuí ag baint leis sin ag an mBord nó Údarás áitiúil gaolmhar. Nuair a bhíonn cead pleanála diúltaithe nó ag dul in éag le tréimhse socraithe, tiocfaidh deireadh leis an MAC sin. Bíonn an fheidhm céanna ag an gcoinníollacht sin beartaithe don Leas Pleanála, a bhfuil sé ag athchur anois.

Bíonn MAC bronnta ag an Aire ábhartha, is é sin an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta nó an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáidí, ábhartha d'fhreagrachtaí an pholasaithe. Don úsáid muirí molta. Leanfaidh forbairt agus gníomhaíochtaí ina bhfuil an tAire Talmhaíochta, Bia agus Muirí (MAFM) ina Aire cuí faoi réir Coda 1B an Achta Urthrá, 1933 faoi rialú an Achta Urthrá agus níl siad san áireamh le socrúcháin nua don limistéar muirí.

Sa chuid is mó cásanna, beidh íocaíocht tobhaigh, cíosa, táille nó íocaíochta eile i gceist le MAC, chuig an Aire ábhartha. Beidh foirm bheacht an tobhaigh ag brath ar an gcineál úsáide muirí. Déanfar cinneadh maidir leis an íocaíocht trí phróiseas luachála, taillí caighdeánacha nó creat gearrtha ábhartha, de réir infheidhmithe.

Chun cinneadh a dhéanamh ar bhronnadh MAC d'iarratasóir, smaoineoidh an tAire ar oiriúnacht an iarratasóra, agus an duine cuí é chun MAC a fháil, agus an bhfuil cumas airgeadais agus teicniúil aige chun an fhorbairt a dhéanamh. Áireofar le fachtóirí eile le glacadh san áireamh ag an Aire ábhartha cineál, nádúr, scóip, lonnaíocht agus fairsinge na forbartha molta, leas an phobail, lena n-áirítear sochair don Stát, téarmaí airgeadais cuí agus aon chritéir bhreise oiriúnach don úsáid muirí.

Bronntar MAC má bhíonn tús substainteach ar an úsáid muirí laistigh saolré an cheada pleanála agus/nó laistigh saolré sonraithe ar an MAC nó ag an Aire ábhartha. Ní mór don fhorbairt mholta chun úsáide muirí a bheith críochnaithe agus curtha in úsáid laistigh an tréimhse sonraithe sa MAC nó de réir comhaontaithe leis an Aire ábhartha.

Má dhéantar aon leasuithe breise ar fhorbairt mholta i ndiaidh cead pleanála a bhronnadh, beidh aisiompú an chórais pleanála ag teastáil i gcomhair aon mheasúnú agus athbhreithniú riachtanach ar an gcead bronnta nó chun cead nua a bhronnadh mar is cuí. D'fhéadfadh go mbeidh iarratas chun MAC a mhodhnú leis na leasuithe ábhartha sin.

Beidh oibleagáid dhlíthiúil ar shealbhóirí MAC codanna den limistéar muirí a fuair tionchar ó oibriúchán an MAC a athshlánú, sula ndéantar é a ghéilleadh, foirceannadh nó éagadh. Beidh clár athshlánaithe nó cothabhála an limistéir muirí

leagtha amach i sceideal don MAC, a mbeidh faoi réir nuashonraithe tréimhsiúil. D'fhéadfaí roghanna a dhéanamh sa sceideal chun díchoimisiúnú struchtúir, baint struchtúir, athúsáid nó athearraíocht a bhaint as struchtúir, agus athshlánú/athchóiriú an limistéir muirí a chur leis.

Beidh clásal cúitimh le gach MAC ina dtugann an sealbhóir cúiteamh don Aire ábhartha agus don Stáit in aghaidh aon éileamh dlíthiúil a eascraíonn as fheidhmiúlacht ag an sealbhóir ar a c(h)earta faoi réir an MAC;

Le linn breathnóireachta ar iarratas MAC, iarratas chun MAC a mhodhnú nó iarratas chun MAC a shannadh, ní gá don Aire ábhartha measúnú ar thionchar comhshaoil nó measúnú cuí nó scagthástáil a dhéanamh toisc go ndéanfar iad i gcomhthéacs ceada pleanála.

Cad é an difríocht idir comhthoil an Stáit agus comhthoil forbartha?

Déanfaidh comhthoil an Stáit, faoi réir comhthola limistéir muirí, rialú ar lonnaíocht an limistéir muirí i gcomhréir leis na cearta tugtha don Stát faoi réir UNCLOS don limistéar muirí áirithe sin. Beidh an comhthoil sin ag rialú ábhair amhail téarmaí airgeadais agus ábhair conartha a bhaineann leis an lonnaíocht, i.e. oibleagáidí agus cearta faoi réir an chomhthola.

Cinnteoidh comhthoil forbartha (cead pleanála) an bhfuil an fhorbairt incheadaithe faoi réir na dlíthe pleanála, agus más féidir, beidh sé ag rialú ábhair a bhaineann leis an bhforbairt féin, i.e. Breithniúcháin comhshaoil, comhréireacht le pleanáil cuí agus forbairt inbhuanaithe an limistéir i gceist, agus coinníollacha sonracha don fhorbairt a bhainfidh leis an tairiscint.

Ní bheidh forbróirí in ann athrú ábhartha a dhéanamh ar aon tairiscint tríd an gcomhthoil limistéir muirí. beidh ar aon athruithe ábhartha a bheith measta laistigh an chórais comhthola forbartha. Ní bheidh aon ról ag Airí Ábhartha i bhforbairt an nóis imeachta comhthola.

Comhthoil Limistéir Muirí **(Comhthoil an Stáit)**	**Cead Pleanála** **(Comhthoil Forbartha)**
• Comhthoil an Stáit bronnta ag Aire. Bealach isteach sa phleanáil. • Achoimriú leathan an tionscadail • bainistíocht ar choimhlintí sa spás muirí • Cumais airgeadais agus teicniúla na bhforbróirí	• Comhthoil forbartha bronnta ag ABP/Údaráis Áitiúla • Dearadh an phleain mionsonraithe • Rannpháirtíocht an Phobail agus Geallshealbhóirí • Measúnuithe agus coinníollacha comhshaoil

• Breithniúcháin leasa poiblí • Leasa maoine an Stáit a chosaint • Bainistíocht ar an portfolio comhthola	• Cloíonn an tionscadal le pleanáil cuí (NMPF agus pleananna talún nuair is cuí)

Cé hiad Airí ábhartha agus cad a dhéanfaidh siad?

Beidh Airí Ábhartha freagrach as breithniúchán ar iarratais comhthola an limistéir muirí agus faomhadh nó diúltú dóibh.

Bronnfar comhthoileanna (MAC) ag an Aire Comhshaoil. Aeráide agus Cumarsáidí chun cineálacha forbartha laistigh a réime polasaithe, m.s. fuinneamh Inathnuaite Easchósta, stóráil gáis nádúrtha easchósta, idirnascóirí leictreachais agus sreanga fomhuireáin teileachumarsáide.

Bronnfar MAC do gach cineálacha forbartha eile ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Cad iad Limistéir Gníomhaíochta Straitéiseacha Muirí?

Is coincheap cosúil le ainmniúchán Limistéir Forbartha Straitéiseacha (SDZ) é ainmniúchán Limistéir Gníomhaíochta Straitéiseacha Muirí, déanta laistigh an chórais pleanála talún.

Ainmniúchán Limistéir Gníomhaíochta Straitéiseacha Muirí (SMAZ)

Má fheictear don Rialtas go bhfuil tábhacht eacnamaíoch, sóisialta nó comhshaoil ar leith ag gníomhaíocht áirithe, d'fhéadfadh sé ordú a dhéanamh chun aon chuid den limistéar muirí a ainmniú chun bunaíochta limistéir straitéisigh chun an ghníomhaíocht sin a éascú.

Scéim Phleanála Muirí do Limistéir Gníomhaíochta Straitéiseacha Muirí

I ndiaidh ordú a dhéanamh, ullmhóidh an Aire ábhartha dréacht ar scéim phleanála muirí maidir le gach nó cuid den SMAZ.

Beidh an chéad dhréacht ar an scéim pleanála maidir le gach nó cuid de SMAZ ullmhaithe laistigh 2 bhliana i ndiaidh ordú a dhéanamh ag ainmniú an limistéir.
Beidh dréacht ar scéim phleanála muirí faoi réir na coda seo comhdhéanta le ráiteas i scríbhinn agus plean a léiríonn an bealach a bheartaítear an SMAZ nó an limistéar ainmnithe a úsáid agus go háirithe:

- Na cineálacha forbartha ceadaithe;

- an dearadh ginearálta ar an bhforbairt molta, lena n-áirítear uasmhéideanna airde agus cuma;
- Foráil seirbhísí ábhartha sa limistéar, lena n-áirítear cumhacht, bainistíocht dhramhaíl, srl.;
- Na tairiscintí ag baint le aon éifeachtaí díobhálacha ar an timpeallacht a íoslaghdú.

Scéim Pleanála Muirí a Dhéanamh

Eagróidh an Aire ábhartha comhairleoireacht ar an ndréacht ar scéim phleanála muirí le haghaidh tréimhse sainráite gan a bheith níos lú ná 6 sheachtainí, ina ndéanfar iarratais nó tráchtanna, agus beidh siad glactha san áireamh le linn cinnteoireachta ar an scéim.

I ndiaidh an tréimhse comhairleoireachta, foilseoidh an Aire ábhartha tuarascáil ag liostáil na ndaoine nó comhlachtaí agus iarratais nó breithniúcháin déanta acu, in éineacht le freagraí an Aire ar na iarratais sin.

Glacfaidh an Aire ábhartha san áireamh an pleanáil cuí agus forbairt inbhuanaithe ar an SMAZ, forálacha Chreata Náisiúnta um Phleanáil Muirí, caomhnú aon Suímh Eorpaigh agus éifeacht na scéime ar aon limistéir muirí sa chomharsanacht, agus ansin dul ar aghaidh in aon cheann de na bealaí a leanas:

a. an dréacht a dhéanamh ar an scéim phleanála muirí, nó
b. An scéim a dhéanamh faoi réir athruithe agus modhnuithe, nó
c. Cinneadh a dhéanamh gan an scéim phleanála muirí a dhréachtáil.

I ndiaidh a dhéanta, beidh an scéim phleanála muirí mar chuid den Chreat Pleanála Muirí agus déanfar cinntí comhthola ar an gcomhthéacs sin.

<u>Conas a dhéanfar bainistíocht ar fhorbairtí ag deireadh MAC?</u>

Beidh coinníollacha leis an MAC lena n-áirítear oibleagáidí deiridh an MAC roimh dheireadh téarma an MAC.

Áireofar le MAC clár ginearálta um athshlánú nó cothabháil sa todhchaí. Ansin beidh an clár athshlánaithe faoi réir nuashonraithe tréimhsiúil ag an iarratasóir. Beidh ag an Aire ábhartha a chinntiú gur tugadh clár athshlánaithe sásúil sula féidir MAC a bhronnadh. Cuidíonn sé sin le cinntiú go laghdaítear dliteanais agus costais don Stáit agus ar deireadh, an phobail.

I ngeall ar fhairsinge na bhforbairtí muirí, teastaíonn solúbthacht maidir leis an slí athshlánaithe agus na bealaí inár chóir é a dhéanamh.

Le coinníollacha an MAC beidh oibleagáidí chun bunstaid an limistéir muirí a “athshlánú nó coinneáil” nó ar leibhéal aontaithe ag an Aire ábhartha agus is féidir le ceann nó níos mó dá leanas a bheith san áireamh:

- Díchoimisiúnú na struchtúirí;
- Na struchtúir a bhaint go hiomlán;
- Cuid de na struchtúir a bhaint;
- Athúsáid ar na struchtúir i gcomhair an chuspóra céanna nó eile lena n-áirítear “ath-chumhachtú”;
- Athshlánú ar an limistéar muirí chun an tAire ábhartha a shásamh;
- Struchtúir a chur faoi thalamh nó i gcoimeádán;
- Aon ábhar dramhaíl carntha a bhaint, agus
- Aon bhealaí eile athshlánaithe an limistéir muirí ar bhealach sásúil chun úsáidí eile nó gan a úsáid.

Is féidir le hoibleagáidí, riachtanais agus nósanna imeachta breise a bheith leagtha amach i rialacháin a cheadaíonn solúbthacht i mbainistíocht dhíchoimisiúnaithe sa todhchaí.

Ní cheadófar do shealbhóirí Comhthola Limistéir Muirí a MAC a ghéilleadh nó foirceannadh go dtí go bhfuil a n-oibleagáidí comhlíonta go sásúil. Nuair a thagann an t-am i gcomhair athshlánú nó cothabháil an limistéir muirí, beidh an sealbhóir MAC faoi oibleagáid freisin na comhthola riachtanacha a fháil, lena n-áirítear cead pleanála.

Mura gcloítear le oibleagáidí deiridh an téarma, beidh forfheidhmiú i gceist. Leis sin, seans go mbainfidh pionóis airgeadais conartha le sealbhóirí MAC freisin as gan cloí leis an gclár athshlánaithe/cothabhála comhaontaithe.

Conas a dhéanfar dreidireacht chothabhála faoi réir na réime nua?

Is feiniméin nádúrtha iad dríodrú agus sioltachán agus is dúshlán leanúnach iad do loingseoireacht in aibhneacha na hÉireann agus inrochtaineacht ar chuanta.

Bíonn dreidireacht chothabhála difriúil ó dhreidireacht chaipitil. Táthar ag déanamh leasaithe ar an sainmhíniú ar fhorbairt chun gníomhaíocht dreidireachta chothabhála a chuimsiú agus glacfar leis laistigh an chórais ceada pleanála.

Áireofar leis na gníomhaíochtaí sin:

- Cainéil rochtana agus beartanna a choinneáil i gcomhréir le cairt loingseoireachta,
- Báisí casta bád a thabhairt, nó
- Doimhneacht chuí a choinneáil san uisce ar feadh áiseanna cois fharraige i gcomhréir le cairt loingseoireachta.

De réir is a fhilleann dreidireacht chothabhála ar ais go bunstaid sa limistéar muirí agus toisc nach bhfuil aon lonnaíocht bhuan ann, táthar ag tabhairt breithniúcháin ar na gníomhaíochtaí sin a dhíolúnú ó MAC, le oibleagáidí reachtúla áirithe ina áit.

Chomh maith leis, mar chuid de scrúdú níos leithne ar dhíolúiní pleanála i gcomhthéacs muirí tabharfar breithiúchán ar ghníomhaíochtaí dreidireachta beaga nó mionchúiseacha ón chead. Sa slí céanna le gach díolúine, má ghlactar leis de réir scagthástála measúnaithe cuí gur chóir Ráiteas Tionchar Natura a tháirgeadh, titeann an díolúine agus beidh pleanáil ag teastáil.

Nuair atáthar ag diúscairt ábhair san fharraige, beidh ceadúnas dumpála san fharraige bronnta ag an nGníomhaireacht um Chosaint an Chomhshaoil (EPA) ag teastáil fós.

Conas a chaithfear le Suirbhéanna Timpeallachta Muirí faoi réir na réime nua?

Is minic a iarrtar suirbhéanna comhshaoil muirí (nó imscrúduithe suímh) mar ghníomhaíochtaí réamhtheachtaí chun iarratais a ullmhú don chead pleanála. Tá raon leathan gníomhaíochtaí ann ó bhreathnóireacht, oibreacha geoifisiceacha agus geoiteicniúla, druileáil poill tóraíochta agus snap-sampláil atá riachtanach d'fhiosrúchán mionsonraithe ar an tionscadal agus dearadh ag forbróirí dóchúla.

Táthar ag déanamh leasaithe ar an sainmhíniú ar fhorbairt chun suirbhéanna comhshaoil muirí a chuimsiú agus glacfar leis laistigh an chórais ceada pleanála. Táthar ag tabhairt breithniúcháin do dhíolúiní le haghaidh gníomhaíochtaí neamh-ionsáiteacha ó chead pleanála a iarradh. Sa slí céanna le gach díolúine, má ghlactar leis de réir scagthástála measúnaithe cuí gur chóir Ráiteas Tionchar Natura a tháirgeadh, titeann an díolúine agus beidh cead pleanála ag teastáil.

An mbeidh gach iarratas MAC faoi réir an phróisis comhthola iomlán ag an Stát?

Scarann an bunscéim nósanna imeachta d'oibreacha beaga. De réir an téacs dlí dréachtaithe faoi láthair, ceadaítear solúbthacht chun raon úsáidí muirí a bhainistiú ar bhealach coibhéiseach ó fhánáin go feirmeacha gaoithe gan gá le foráil reachtaíochta breise. Déanfar breithniúchán ar gach iarratais MAC faoi réir tacar critéir comónta le scála agus doimhneacht an bhreithniúcháin coibhéiseach leis an úsáid muirí. Tá an solúbthacht sin beartaithe le luas a chur le breithniúchán ar úsáidí muirí ar scála níos lú.

Cén athruithe atá ar bun ar an gcóras ceada pleanála?

Tá achoimre thíos de na príomh-athruithe don chóras pleanála:

- Leasú ar shainmhíniú forbartha chun a chinntiú go bhfuil gach gníomhaíochtaí mhuirí laistigh an chórais ceada pleanála. Áireofar leo sin suirbhéanna comhshaoil muirí agus dreidireacht chothabhála.
- Táthar ag cur sínte leis na forálacha ceada isteach go dtí an limistéar neasfharraige, d'údaráis pleanála an chósta agus An Bord Pleanála araon.
- Beidh na forálacha pleanála ar talamh reatha méadaithe le breithniúcháin breise muirí agus cumhachtaí cinnteoireachta.
- Beidh forbairt easchósta, rialaithe faoi láthair faoi réir an Achta Urthrá amháin, tugtha isteach sa réim ceada pleanála.
- Déanfar athbhreithniú ar dhíolúiní don chead pleanála i gcomhair oiriúnachta i gcomhthéacs an chomhshaoil muirí.

Cén chineálacha forbartha a mbeidh An Bord Pleanála freagrach astu i gcomhair iarratais pleanála?

- Forbairt easchósta amhail tionscadail fuinnimh inathnuaite easchósta;
- Aon chineálacha forbartha reatha laistigh a gcuid réimeanna cheana amhail infreastruchtúr straitéiseach;
- Gach forbairt lonnaithe go hiomlán taobh thall den neasfharraige;
- Forbairt an údaráis áitiúil a dteastaíonn measúnú ar thionchar comhshaoil uaidh agus/nó measúnú cuí.

Cén chineálacha forbartha a mbeidh na hÚdaráis Pleanála freagrach astu i gcomhair iarratais comhthola forbartha?

- Gach forbairt an chósta a bhfuil siad freagrach astu cheana.
- Forbairt ar scála beag laistigh an neasfharraige le cineálacha forbartha céanna dá bhfuil ina réim talún.
- Forbairt an Údaráis Áitiúla féin nach dteastaíonn measúnú ar thionchar comhshaoil nó measúnú cuí uaidh.
- Cineálacha forbartha nua amhail suirbhéanna comhshaoil muirí agus dreidireacht chothabhála

An gciallóidh an Bille MPDM nua go mbeidh an tAcht Urthrá aisghairthe?

Ní bheidh. Cé nach mbeidh aon chomhthola urthrá nua bronnta ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi réir an Achta Urthrá faoi réir na réime nua, leanfaidh comhthola reatha rialaithe faoi réir an Achta sin.

Beidh an tAcht Urthrá fós i bhfeidhm freisin chun leanúint a cheadú d'fheidhmeanna urthrá an Aire Talmhaíochta, Bia agus Muirí amhail forbairtí agus gníomhaíochtaí:

a. Maidir le hionad cuain iascaigh.
b. Maidir le feidhm a bhaineann le:

i. gníomhaíocht atá go hiomlán nó go háirithe ar mhaithe le húsáid, forbairt nó tacaíocht uisceshaothraithe, nó
ii. gníomhaíocht atá go hiomlán nó go háirithe ar mhaithe le húsáid, forbairt nó tacaíocht ar iascaireacht san fharraige, lena n-áirítear próiseáil agus díolachán éisc na farraige agus déantúsaíocht táirgí éisc na farraige.

Tá léas/ceadúnas urthrá agam faoi láthair, cad a tharlóidh leis faoi réir na réimse nua?

Fanfaidh léasa agus ceadúnais urthrá bronnta faoi réir an Achta Urthrá 1933 i bhfeidhm. Beidh comhthoil a bhí bronnta faoi réimeanna reatha á bhainistiú faoi réir an rialacháin reatha go dtí an dáta éaga, foirceann, sannadh nó aon athrú ábharach molta - ag an am sin, beidh ar iarratas nua a bheith déanta faoi réir an réime nua.

Cad é an Cur Chuige Molta d'Fhuinneamh Inathnuaite Easchósta faoi réir MPDM?

Le haghaidh réime Fuinnimh Inathnuaite Easchósta (ORE) sa todhchaí, soláthraíonn an MPDM an solúbthacht riachtanach chun go mbogfaidh Éire ar bhealach céimnithe ón samhail reatha díláraithe, go dtí réim láraithe faoi cheannas an phleain thar cúrsa an deich mbliana seo. Beidh an MPDM leagtha amach chun forálacha a chumasú, ag ceadú don aistriú seo agus ag éascú réime a oibreoidh sa ghearrtéarma agus sa téarma meánach agus fada araon.

Oibreoidh an samhail reatha sa ghearrtéarma. Leanann sé an próiseas iarratais ginearálta leagtha amach sa Bhille MPDM agus áirítear leis forálacha chun ainmniúchán suímh a cheadú, i gcomhréir leis an bpolasaí reatha lena n-áirítear Plean Forbartha Fuinnimh Inathnuaite Easchósta, ina féidir go mbeidh forbairt muirí molta a bhaineann le fuinneamh inathnuaite easchósta bunaithe.

Faoi réir an chur chuige faoi cheannas an phleain, beidh Limistéir Gníomhaíochta Muirí Straitéisigh aitheanta d'fhorbairt ORE agus d'fhéadfadh an MECC eintiteas a ainmniú (an tOibreoir Córais Iompair Easchósta) chun an córas tarchurtha easchósta a phleanáil agus a fhorbairt chun cuspóra forbairt fuinnimh inathnuaite easchósta a éascú ag tríú páirtithe.

Faoi réir an dá chur chuige, tá cumhacht ag MECC chun babhtaí comhthola a reachtáil agus próiseas iomaíochais a úsáid chun a chinneadh cén duine a bhfaighfidh MAC. Beartaítear freisin go mbeidh próiseas iomaíoch bunaithe ag MECC chun tacaíocht airgeadais a bhronnadh faoi réir Coda 39 (2)(b) an Achta um Rialú Leictreachais, 1999, do thionscadail inathnuaite easchósta.

Beidh mionsonraí a bhaineann le ORE, amhail critéir measúnaithe agus cineálacha coinníollacha MAC, leagtha amach i sceidil don Bhille.

Forléargas ar an Seicheamh Comhthola ORE Molta

Creat Náisiúnta um Phleanáil Muirí (NMPF)	• Bunaítear Limistéir Gníomhaíochta Muirí Straitéisigh ag an Rialtas • Roimh ainmniúchán SMAZ, d'fhéadfadh an tAire suíomhanna a ainmniú le haghaidh forbartha ORE molta i gcomhréir leis an bPlean Spáis Muirí, Plean Forbartha Fuinneamh Inathnuaite Easchósta agus polasaí reatha.
Comhthoil Limistéir Muirí (MAC)	• Scéim Pleanála Muirí forbartha ag an Aire (faoi réir comhairleoireachta phoiblí) • Faigheann an tAire iarratais do MAC ó fhorbróirí/TSO Easchósta • D'fhéadfaí iarratais MAC a fháil mar chuid de phróiseas iomaíoch bunaithe ag an Aire • Beidh an tAire ag tabhairt aird ar na critéir bunaithe chun an MAC a dheimhniú. • D'fhéadfadh an tAire coinníollacha a cheangal leis an MAC • Tá an MAC faoi réir bronnta ceada pleanála ag an mBord Pleanála
Comhthoil Forbartha	• D'fhéadfadh an sealbhóir MAC iarratas a dhéanamh don Bhord Pleanála i gcomhair Comhthola Forbartha
Próiseas Iomaíoch (Cúnamh an Stáit)	• D'fhéadfadh an tAire próiseas iomaíoch a bhunú chun bronnta maoinithe tobhaigh PSO do shealbhóir MAC maidir le forbairt ORE molta

*** An tAire a dtagraítear dó sa tábla seo ná an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáidí**

Cén socrúcháin aistrithe atá molta do thionscadail ORE?

D’aithin an Plean Gníomhaíochta Aeráide cáis fuinnimh inathnuaite easchósta (ORE) agus údarás a thabhairt chun prótacal aistrithe a fhorbairt chun déileáil leis na cáis sin. Forbraíodh prótacal aistrithe i dteannta leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáidí, foilsithe in Eanáir 2020, agus bhí fáilte roimh iarratais.

Rialaíonn an prótacal aistrithe an cur chuige ar son cáis ORE leagáide áirithe aitheanta faoi réir an Achta Urthrá agus ceadaíonn sé dóibh aistriú chuig an réim nua á fhorbairt faoi réir an Bhille MPDM.

Táthar ag cur feabhais leis an bprótacal seo i gcomhthéacs na n-athruithe struchtúrtha don réim ó foilsíodh an scéim agus cuidíonn sé le cumarsáid reatha agus leanúnach leis na forbróirí ar na Tionscadail Ábhartha sin. Nuair a dhéantar an Bille MPDM a achtú, beidh Tionscadail Ábhartha faoi réir nósanna imeachta measúnaithe iomláine ag an mBord i gcomhthéacs iarratais ar chead pleanála.

Leanann iarratais ar imscrúdú an tsuímh faoi bhreithniúchán faoi réir an Achta Urthrá agus táthar ag machnamh faoi tuilleadh bearta aistrithe a bhaineann le ullmhúchán iarratais chun breithniúcháin faoi réir na réime MPDM.

Cad atá athraithe ón Bhille Limistéir Muirí agus Urthrá (Leasú) (MAFA)?

- Athráiteas ar fhorálacha an Chreata Náisiúnta um Phleanáil Muirí (Pleanáil Spáis Muirí - MSP)
- Forálacha an Ráitis Pholasaí Pleanála Muirí curtha leis.
- Cur chuige comhthola singil príomha an Stáit ag fairsingiú an chur chuige comhthola forbartha.
- Réim níos cuimsithí don Limistéar Eacnamaíoch Eisiach (EEZ) agus scairbh ilchríochach.
- Forálacha forfheidhmithe feabhsaithe.

Cén dul chun cinn a bhí ar an réim mholta ó foilsíodh an Scéim Ghinearálta i Nollaig 2019?

Trí tuilleadh forbartha an pholasaithe agus fadhbanna ag eascrú ón bpróiseas dréachtaithe mionsonraithe, rinneadh athruithe suntasacha do réim comhthola an Stáit molta sa Scéim. Eascróidh na athruithe sin, achoimrithe thíos, i réim comhthola sruthlíneach, solúbtha, éifeachtach agus stuama go dlíthiúil bunaithe ar théacs dlíthiúil achomair, simplí.

Is iad na príomh-athruithe struchtúrtha ná:

- Nósanna imeachta an Chomhthola Leasa Pleanála agus Limistéir Muirí (MAC) a chur le chéile i bpróiseas amháin críochnaithe roimh sheoladh an iarratais comhthola forbartha. Leis an athrú sin, ní gá nósanna imeachta ábhartha agus téacs dlíthiúil a dhúbailt. Bronnfar MAC ag brath ar chomhthoil forbartha a dhaingniú.

- Bhí forálacha MAC dréachtaithe chun solúbthacht a cheadú, a theastaíonn chun úsáidí muirí difriúla a bhainistiú gan an gá i gcomhair téacs dlíthiúil sonraigh de réir beartaithe ag an Scéim. Tabharfaidh na forálacha MAC ginearálta an solúbthacht theicniúil riaracháin a theastaíonn chun raon úsáidí muirí a bhainistiú ar bhealach coibhéiseach le croí coitianta breithniúcháin.

- Tá ábhair mionsonraithe áirithe, amhail critéir measúnaithe agus cineálacha coinníollacha MAC, beartaithe le bheith leagtha amach sna sceidil. Eascraíonn sé sin i dtéacs níos comhleanúnach, inléite agus éascaíonn sé leasú éasca mar fhreagra ar riachtanais a thagann chun cinn chun an aimsir a sheasamh.

- Éascóidh an struchtúr seo freisin comhtháthú sa todhchaí ar úsáidí muirí eile, nach bhfuil laistigh scóip na réime chomhthola nua faoi láthair, má ghlactar leis gur cuí amhlaidh a dhéanamh. Déanfar a thuilleadh breithniúchán ar na hábhair sin i gcomhthéacs an athbhreithnithe chun Leas a Bhaint as Ár gCuid Saibhris Aigéin.

- I ndiaidh athbhreithnithe ar ár bhforfheidhmiú aigéin, táthar ag forbairt forálacha nua chun Oifig um Fhorfheidhmiú Forbartha Muirí a bhunú. Déanfaidh an oifig seo forfheidhmiú agus feidhmeanna comhréireachta maidir le cinntí pleanála d'fhorbairt easchósta agus MAC.

- Bhí eilimintí áirithe na réime, atá sainráite sa scéim ghinearálta, cinntithe le bheith níos oiriúnaí le leagan amach i reachtaíocht thánaisteach, treoirlínte reachtúla nó coinníollacha MAC. Tá sin ag teastáil chun go leor solúbthachta a chinntiú chun bainistíocht chuí a dhéanamh ar gach úsáidí muirí agus chun go seasfaidh gach fianaise bhreise den bhunchloch reachtaíochta na réime an aimsir, ag éascú leasuithe.

- Tá obair á próiseáil chun a cheadú do sreanga teileachumarsáide agus sreanga fuinnimh, píobaí agus idirnascóirí teacht isteach i scóip na reachtaíochta. Is mian leis an Rialtas leasuithe a thabhairt ar aghaidh ag Staid an Choiste chun na limistéir sin a thabhairt isteach i scóip an Bhille.

- I mí Nollag 2019, tugadh faoi deara go raibh breithniúchán déanta ar ionchuimsiú an earnála peitril agus mianraí laistigh na réime ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáidí. Tá Clár an Rialtais tiomanta chun saothrú gáis nádúrtha a chosc in uiscí na hÉireann ar an mbunús céanna leis

an gcosc reatha ar shaothrú ola atá leagtha amach i Ráiteas Polasaithe Nollag 2019. Ciallaíonn sin nach mbeidh aon fheidhmeanna nua faoi bhreithniúchán i gcomhair saothraithe ola nó gáis, cé nach dtiocfaidh tionchar ar cheadúnais reatha agus is féidir le sealbhóirí ceadúnais dul ar aghaidh ó staid amháin sa phróiseas rialála reatha go dtí an chéad cheann eile. Tagann éifeacht ar an gcosc sin láithreach agus ní theastaíonn aon reachtaíocht thacaíochta uaidh. Sna cúinsí sin, i ndiaidh cinneadh an Rialtais, ní thiocfaidh saothrú / táirgeadh peitril nó mianraí laistigh scóipe an Bhille.

Cén cheisteanna MPDM a ardaíodh le linn rannpháirtíochta geallshealbhóirí ar an gCreat Náisiúnta um Phleanáil Muirí?

Le linn rannpháirtíochta forleathan geallshealbhóirí ar an gCreat Náisiúnta um Phleanáil Muirí, ardaíodh go leor ceisteanna bainteach leis an mBille, a ndearnadh achoimriú agus freagra a thabhairt orthu thíos.

Buairtí go bhfuiltear ag forbairt an Bhille mar phróiseas difriúil ón NMPF.

Táthar ag déanamh forbartha ar an téacs dlíthiúil MPDM agus an NMPF san am céanna agus le go leor comhordaithe. Teastaíonn acmhainniú ag go leor foirne ó scála na dtascanna gaolmhara. B'fhearr go mór na próisis rannpháirtíochta geallshealbhóirí a ailíniú, ach ní raibh sin indéanta le linn na comhairleoireachtaí NMPF i ngeall ar staid na forbartha MDPM. Beartaítear go mbeidh an téacs dlíthiúil MPDM seachadta agus an NMPF glactha in 2021.

Buairt go gcuirfidh moill reachtaíochta moill ar Éirinn chun cloí le éachtaí leagtha amach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Tá Clár an Rialtais tiomanta chun Aarhus a achtú i gcomhréir le MPDM laistigh "9 mí". Fuair an fhorbairt pholasaithe agus ullmhúchán breise an téacs dlíthiúil a theastaíonn chun cloí leis an tiomantas a dtacaítear leis ar fud an Rialtais le acmhainní breise i Ranna agus struchtúir comhoibríochta.

Buairt nach bhfuil cumarsáid ann maidir le plean soiléir forbartha.

Ó rinneadh an comhairleoireacht NMPF, de réir conclúidí ó athbhreithniú ar fhorfheidhmiú muirí, d'eascraigh cinneadh an Rialtais chun Oifig um Fhorfheidhmiú Forbartha Muirí a bhunú. Déanfaidh an oifig seo forfheidhmiú agus feidhmeanna comhréireachta maidir le cinntí pleanála d'fhorbairt easchósta agus Comhthoil Limistéir Muirí.

Go dteastaíonn níos mó soiléire maidir le nádúr agus impleachtaí an chreasaithe.

Tá an MPDM beartaithe chun bunús dlíthiúil a thabhairt d'ainmniúchán na Limistéar Gníomhaíochta Muirí Straitéiseacha, ina mbeidh forbairt threoraithe ag Scéim Phleanála Muirí. Tá réimse féideartha na gcineálacha creasaithe agus mionsonraithe i bhfad ró-leathan i raon chun reachtaíocht phríomha a leagan amach. Beidh

comhairleoireacht leathan, breithniúchán ar an mionsonrú ábhartha don úsáid mholta ag baint leis an bpróiseas ainmniúcháin agus ullmhúchán na Scéime Phleanála Muirí, agus nuair is gá, Measúnú Comhshaoil Straitéisigh.

Buairt nach bhfuil eisiamh ar an uisceshaothrú/iascaigh ón Bhille MPDM i gcomhréir le cur chuige "cuimsitheach agus iomlánaíoch" don phleanáil muirí.

Ó bhí Acht Pleanála agus Forbartha (Leasú) 2018 achtaithe, ní mór do gach údarás poiblí a bhfeidhmeanna a dhéanamh ar bhealach a chloíonn le aidhmeanna an Chreata Náisiúnta um Phleanáil Muirí a bhaint amach. Beidh an MPDM ag athrá agus ag méadú forálacha ábhartha an Achta sin. Níl forbairt a bhaineann le Uisceshaothrú agus Iascaigh fágtha amach ón oibleagáid reachtúil sin. Níl comhthoil do na gníomhaíochtaí sin san áireamh le scóip an MPDM agus leanfaidh sé á rialú faoi réir an reachtaíochta reatha i gcomhthéacs an NMPF. Ní mór ceisteanna a bhaineann le stiúradh sa todhchaí ar chomhthoil dá leithéid sin a dhíriú chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Muirí: foreshore@agriculture.gov.ie agus Aquaculturelicensing@agriculture.gov.ie.

Buairt gur chóir don Rialtas measúnuithe comhshaoil a dhéanamh le linn MAC a chur san áireamh.

Beidh cinntí MAC glactha san áireamh i gcomhthéacs an Phleain Spáis Muirí, treoirlínte bhainistíochta forbartha agus nuair is cuí, Limistéir Gníomhaíochta Straitéisigh Muirí. Nuair is gá, beidh na eilimintí sin faoi réir breithniúcháin comhshaoil trí Mheasúnuithe Comhshaoil Straitéiseacha agus Measúnú Cuí faoi réir Treoracha um Éin agus Gnáthóga.

Faoi réir an chomhthola reatha, déantar measúnú faoi láthair ar fhorbairt ailtireachta faoi réir an Achta Urthrá agus Pleanála araon. Bíonn dúbailt ar an bpróiseas céanna neamhéifeachtach agus gan gá. Prionsabal cuíchóirithe tábhachtach an MPDM ná measúnú comhshaoil singil a chinntiú do thairiscintí sonracha laistigh na réime cheada pleanála. Tá sé laistigh an nós imeachta bunaithe sin, a bhfuil forbairt an chósta faoina réir cheana, a dhéanfar Measúnú ar Thionchar Comhshaoil agus Measúnú Cuí.

Ar leibhéal níos praicticiúla, ní bheidh fáil ar an méid sonraí sonracha maidir le tairiscintí le linn breithniúcháin MAC. Tiocfaidh an próiseas MAC roimh ullmhúchán na dtuarascálacha comhshaoil riachtanacha a mbunaítear measúnuithe orthu. Tá béim an nóis imeachta MAC ar dhícheall cuí maidir le moltóirí an tionscadail agus bainistíocht chuí ar an maoin muirí.

Buairt nach bhfuil an Pobal ar an eolas i gceart le linn próisis comhairleoireachta phoiblí thar an bhoird i bpleanáil muirí.

Tá rannpháirtíocht gheallshealbhóirí ag leibhéal polasaithe agus tionscadail araon lárnach d'ailtireacht pleanála muirí agus comhthola na hÉireann in éabhlóid go

leanúnach. Ag leibhéal polasaithe, leanfaidh rannpháirtíocht gheallshealbhóirí ar an NMPF le linn a chuid éabhlóide. Beidh rannpháirtíocht shuntasach agus ciallmhar an phobail ag eilimintí comhdhéanta an NMPF amhail Scéimeanna Pleanála Muirí agus treoirlínte bhainistíochta forbartha.

Ar leibhéal tionscadail beidh oibleagáid ag forbróirí dóchúla chun idirghníomhú le úsáideoirí/geallshealbhóirí muirí ar féidir leo tionchar a fháil roimh aon iarratais a sheoladh. Le haghaidh tionscadail easchósta, bainfidh nósanna imeachta comhairleoireachta poiblí an cheada pleanála caighdeánaigh, lena n-áirítear éisteachtaí ó bhéal.

Déanfar na próisis idirghníomhaithe nóis imeachta sin i dtimpeallacht saibhir ó thaobh faisnéise. Tabharfaidh an plean spáis muirí, scéimeanna pleanála muirí, agus treoirlínte faisnéis raoin leathan agus comhthéacs don phobal agus cinntitheoirí araon. Ag méadú na faisnéise sin, beidh ardán sonraí spásúil ar fáil go poiblí a mbeidh chomhthola muirí bronnta ag údaráis poiblí sainscagtha agus léirithe ann.

Chomh maith leis, tá acmhainní eile amhail Atlas Muirí ar fáil i gcomhair a thuilleadh faisnéise.

Ní mór breithniúchán domhain a dhéanamh ar Acmhainní le haghaidh Údaráis Áitiúla chun gur féidir iad a chomhtháthú.

Bhí aistriú chuig an réim nua mar ábhar le idirghníomhaíocht shubstainteach idir an Aire agus údaráis Áitiúla. Bunaíodh go leor grúpaí oibre chun cuidiú le aistriú stuama gan stró a chinntiú. Maidir leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil forbairt an chósta faoi réir ceada pleanála cheana agus meastar go mbeidh an méid iarratais breise beag go leor agus scaipthe ar feadh gach údaráis áitiúla. Dá bhrí sin, tá béim ar chumais agus bearta a fheabhsú chun cuidiú le comhleanúnachas na cinnteoireachta a chinntiú chun Creat Náisiúnta um Phleanáil Muirí a mhéadú is tacú leis.

Aguisín 1: Forléargas na Scéime (de réir foilsithe agus faoi réir athruithe achoimrithe).

Soláthraíonn Scéim Ghinearálta an Bhille MPDM mionsonraí maidir le réim bheartaithe limistéir muirí na hÉireann chun cuspóirí: Pleanála chun Tosaigh, Comhthola an Stáit, Comhthola Forbartha, Comhréireachta agus Forfheidhmithe. Comhdhéanann an Scéim 136 ceann in 7 gcuid:

Cuid 1: Réamhchéime agus Ginearálta
Cuid 2: Sainmhínithe agus Tuiscint
Cuid 3: Pleanáil chun Tosaigh
Cuid 4: Comhthoil Limistéir Muirí[2]
Cuid 5: Bainistíocht Fhorbartha
Cuid 6: Forfheidhmiú
Cuid 7: Leasuithe do reachtaíocht eile

Cuid 1: Réamhchéime agus Ginearálta

Tá forálacha ag Cuid 1 den Bhille maidir leis an teideal gearr, lua agus tús cnuasaitheacha. Áirítear leis an gcuid sin freisin forálacha maidir le foilseachán Ráitis Pholasaí Pleanála Muirí agus cinneann sé gur féidir leis an Aire treoirlínte pleanála muirí a eisiúint chun cuidiú le údaráis pleanála. Tugann sé forálacha freisin le haghaidh teorannaithe ar rannpháirtíocht an Aire i gcinnteoireacht chomhthola forbartha cosúil le forálacha reatha i bpleanáil ar talamh.

Cuid 2: Sainmhínithe agus Tuiscint

Tugann Cuid 2 forálacha le haghaidh sainmhínithe ar thuiscint an Bhille. Sonraíonn an chuid seo Limistéar Muirí na hÉireann a shínfidh ó Mharcóir Líne Bairr Láin chuig teorainn seachtrach Scairbh Ilchríochaigh an Stáit. Áirítear leis an Limistéar Muirí:

a. Limistéir farraige agus taoide le uiscí inmheánacha an Stáit,
b. Farraige Críche an Stáit,
c. Limistéar Eisiach Eacnamaíoch an Stáit agus
d. Scairbh ilchríochach an Stáit.

Tá na téarmaí sin i gcomhréir le Bille Dhlínse Muirí le teacht. Tugann an chuid seo freisin forálacha chun limistéar neasfharraige nua a ainmniú ina gcuirfidh údaráis áitiúla feidhmeanna forfheidhmithe agus pleanála i gcleachta.

[2] Níltear ag moladh coincheapa leasa pleanála i gcomhair na réime mhuirí nua. Is comhthoil limistéir muirí í an tairiscint athchurtha, ina mbronntar comhthoil limistéir muirí d'iarratasóir má fhaightear cead pleanála agus comhthola eile maidir leis an bhforbairt mholta.

Cuid 3: Pleanáil chun Tosaigh

Tugann Cuid 3 forálacha chun athráiteas an Bhille seo ar bhonn dlíthiúil reatha i gcomhair pleanála an spáis muirí, atá i gCuid 5 den Acht Pleanála agus Forbartha (Leasú) 2018. Cuireann an Chuid seo tús freisin le forálacha chun Limistéir Gníomhaíochta Muirí Straitéiseacha a ainmniú freisin (SMAZs). Ceadaíonn na forálacha sin d'ainmniúchán chuid den limistéir muirí chun bunaíochta limistéir chun gníomhaíochtaí a éascú a bhfuil tábhacht eacnamaíoch, sóisialta nó comhshaoil leo. Tá forálacha curtha leis freisin chun ullmhúcháin scéime pleanála muirí do SMAZ.

Cuid 4: Comhthoil Limistéir Muirí

Tugann an chuid seo forálacha freisin do réim comhthola nua an Stáit le bheith bainistithe ag na Airí ábhartha. Díreoidh an réim nua sin ar chumais na bhforbróirí dóchúla chun tionscadail a chríochnú agus rialóidh sé lonnaíocht an limistéir muirí. Ní thabharfaidh Airí Ábhartha measúnú ar mhionsonraí ar leibhéal an tionscadail agus ní dhéanfaidh siad measúnuithe comhshaoil toisc gur féidir leo sin tarlú sa chóras pleanála.

Aithníonn an constráid seo róil comhthola an Stáit ó chomhthoil forbartha (cead pleanála) sa réim nua. Déanfaidh Airí machnamh ar ábhair amhail leas an phobail, aidhmeanna polasaithe leathan agus cumais teicniúla agus airgeadais na bhforbróirí. Smaoineoidh údaráis pleanála an chósta nó An Bord Pleanála (ABP) ar chomhréireacht le pleananna talún agus muirí mar bhreithniúcháin comhshaoil cuí, mar aon le ionchur ón phobal agus geallshealbhóirí.

Beidh tacar riachtanais leagtha amach d'iarratais ar Chomhthoil an Limistéir Muirí, méadaithe ag nósanna imeachta sonracha don chineál earnála/forbartha. Beidh mionsonraí na nósanna imeachta sin socraithe i rialacháin déanta ag an Aire ábhartha, oiriúnach dá gcuid feidhmeanna faoi réir an Achta seo. Tá tuilleadh forálacha sonracha curtha leis do thionscadail fuinnimh inathnuaite easchósta (ORE) faoi réir réime an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáidí.

Sonraíonn Cuid 4, Caibidil 1 freagrachtaí idir Airí ábhartha. Beidh An tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáidí mar an Aire do chineálacha forbartha laistigh a réime polasaithe féin, m.s. Fuinneamh inathnuaite easchósta, sreanga teileachumarsáide, stóráil gáis nádúrtha easchósta srl. Beidh gach cineálacha forbartha eile laistigh scóipe an Bhille seo mar fhreagracht an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Chomh maith leis sin, ceadaíonn Caibidil 1 d'ainmniúchán daoine áirithe mar "cuí agus cóir". Tá sé seo beartaithe chun éifeachtacht a chruthú, ionas nach gá stádas duine cuí cóir a rochtain d'iarratasóirí áirithe le linn gach próisis iarratais. Táthar ag súil go mbeidh ainmniúcháin dá leithéid teoranta d'eintitis amhail na hÚdaráis Áitiúla, Comhlachtaí agus Gníomhaireachtaí an Stáit cuí agus ORE cuimsithe faoi Cheann 32. Déanfaidh na daoine sin iarratais thar tréimhse ama le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh.

Mar bheart aistrithe a bhraitheann ag ghlacadh Pleain Spáis Muirí na hÉireann ag an Rialtas, déanfar comhairleoireacht idir Airí earnálacha maidir le iarratais do chomhthoil limistéir muirí (MAC).

Tugann Cuid 4 Chaibidil 2 forálacha do réim comhthola nua an Stáit i gcomhair limistéir muirí le bheith aitheanta mar chomhthoil limistéir muirí MAC. Beidh an comhthoil singil nua sin ag rialú lonnaíochta an limistéir muirí, ag athchur réimeanna comhthola reatha faoi réir an Achta Urthrá agus an Achta Scairbh Ilchríochaigh. Tá an comhthoil seo beartaithe chun lonnaíocht a thabhairt ar an limistéar muirí ag forbróirí agus úsáideoirí eile an limistéir muirí. Ní bheidh measúnuithe comhshaoil ar leibhéal an tionscadail déanta ag an Aire ábhartha. Go heisiach, beidh measúnuithe comhshaoil déanta laistigh an chórais pleanála. Beidh na chearta bronnta do lonnaitheoir i gcomhair coda sonraí limistéir muirí teoranta dóibh atá i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Dhlí na Farraige (UNCLOS) agus aon rialachán dhlínse muirí na hÉireann ábhartha.

Déanfaidh an tAire ábhartha próiseáil ar iarratais i gcomhair comhthola an limistéir muirí bronnta amháin má bhí cead pleanála bronnta maidir leis an tionscadal ag an údarás pleanála ábhartha. Ní cheadófar aon athrú ar an tairiscint le linn an chomhthola limistéir muirí i ndiaidh bronnadh ceada pleanála. Beidh ar iarratasóirí athrú go dtí an córas pleanála i gcomhair breithniúcháin ar aon athruithe mar sin.

Beidh comhthoil a bhí bronnta faoi réimeanna reatha á bhainistiú ag an Aire, de réir sannta sa Bhille, faoi réir an rialacháin reatha go dtí an dáta éaga, foirceann, sannadh nó aon athrú ábharach molta - ag an am sin, beidh ar iarratas a bheith déanta faoi réir an réime nua.

Is aidhm le Caibidil 2 freisin nósanna imeachta comhréireacha a chur i bhfeidhm i gcomhair mionlonnaíochta an limistéir muirí ina bhfuil an fhorbairt sin díolúnaithe faoi réir rialacháin pleanála agus i gcomhair aon chineálacha forbartha eile a iarrann lonnaíocht mhion nó shealadach, amhail suirbhéanna an timpeallachta muirí agus gníomhaíochtaí sonraithe áirithe. Tugann sé cumhachtaí freisin chun gníomhaíochtaí áirithe a dhíolúnú ó riachtanas MAC. Is féidir go mbeidh gníomhaíochtaí san áireamh leis an ndíolúine sin atá faoi réir réime comhthola reachtúla eile.

Déantar foráil freisin chun oibreacha phráinneacha a dhéanamh, de nádúr éigeandála, chun saol nó maoin a chosaint. Tá na forálacha seo i gcomhréir leis an “treoir ar chomhthola oibre agus forbartha chun infreastruchtúr damáistithe i stoirm nó ócáidí éigeandála eile a dheisiú” (2014) ullmhaithe ag an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bhainistíocht Dóiteáin agus
Éigeandálaí.

Tugann Cuid 4, Caibidil 3 forálacha i gcomhair na mbeart ina bhfuil réimeanna comhthola reatha an Stáit agus creata rialacháin. Beidh riachtanais aistrithe breise aitheanta agus soláthraithe le linn an phróisis dréachtaithe.

Cuid 5: Bainistíochta Forbartha (Cead Pleanála)

Is aidhm le Cuid 5 an réim chead pleanála a chur i bhfeidhm ar an limistéir muirí. Sonraíonn agus idirdhealaíonn sé na róil ceada pleanála leis na hÚdaráis Pleanála agus an Bhoird maidir le forbairt mhuirí agus méadaíonn sé nuair is gá na forálacha reatha a theastaíonn chun an chaitheamh agus machnamh cuí a chinntiú ag na húdaráis pleanála ábhartha i bhforbairt sa limistéar muirí.

Leanfaidh údaráis pleanála an chósta freagrach as ginearáltacht fhorbairtí amhail:

- Piaraí agus fánáin beaga,
- pontúin,
- Muiríní beaga, agus
- Mionsruthanna éalaithe.

Leanfaidh An Bord Pleanála freagrach as ginearáltacht fhorbairtí amhail:

- Forbairt an údaráis áitiúil sa limistéar neasfharraige a dteastaíonn measúnú ar thionchar comhshaoil uaidh agus/nó measúnú cuí.
- Cuanta/Muiríní móra.
- Sruthanna éalaithe a bhaineann le háiseanna cóireála fuíolluisce,
- Infreastruchtúr mór -- fuinneamh inathnuaite easchósta, mótarbhealaigh, bóithre, droichid, agus
- Idirnascóirí fuinnimh.

Is aidhm le Cuid 5, Caibidil 1 go mbeidh forbairt dá leithéid sin atá faoi réir ceada pleanála cheana féin fós faoi réir an rialacháin pleanála agus nósanna imeachta reatha oibrithe ag an mBord Pleanála nó údarás pleanála an chósta mar is cuí.

Faoi láthair, teastaíonn cead pleanála ó Chuid XV an Achta Pleanála agus Forbartha, a dhéanann tadhlach ar limistéar feidhmiúil údaráis áitiúil. Faoi réir an réime nua, beidh an fheidhm sin sínte go dtí teorainn seachtrach an limistéir neasfharraige. Má bhíonn údarás pleanála an chósta nó An Bord Pleanála freagrach faoi láthair as cineál forbartha ar talamh, beidh sé freagrach freisin as forbairt dá leithéid sin laistigh an limistéir neasfharraige.

Tá na forálacha molta i gCaibidil 1 beartaithe chun forálacha an Achta Pleanála agus Forbartha reatha a mhéadú, gan é a athchur, le comaoineacha sonracha muirí agus riachtanais gnáthaimh. Beartaítear, nuair is féidir, leasú a íoslaghdú don Acht Pleanála agus Forbartha. Ar aon nós, beidh coigeartú éigin ag teastáil chun oibriúchán éifeachtach a chinntiú agus go leor soiléire agus follasacht a thabhairt d'fhorbróirí, údaráis comhthola, geallshealbhóirí eile agus an pobal ginearálta.

Leagann Cuid 5, Caibidil 2 amach na nósanna imeachta neamhspleách i gcomhair cineálacha forbartha sonraigh sa limistéar muirí leagtha amach i Sceideal X an Bhille agus iad sin go hiomlán nó go páirteach taobh thall de theorainn seachtrach an limistéir neasfharraige faoi fhreagracht An Bhoird Pleanála freisin.

Leagann caibidil 3 amach na nósanna imeachta measúnaithe ar thionchar comhshaoil (EIA) maidir le nós imeachta neamhspleách Chaibidil 2

Leagann caibidil 4 amach na nósanna imeachta measúnaithe cuí (AA) maidir le nós imeachta neamhspleách Chaibidil 2.

Cuid 6: Forfheidhmiú

I gcomhthéacs na leibhéal gníomhaíochta atá ag ardú agus forbairt (chasta) in uiscí na hÉireann, ní mór don chreat forfheidhmithe a bheith neartaithe agus réasúnaithe. San am céanna is go bhfuil raon leathan comhlachtaí rialála muirí, tá réimse forfheidhmithe muirí freisin (ní hamháin pleanála) agus comhlachtaí monatóireachta d'aon chineál nó eile. Áirítear leo sin an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Muirí, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáidí agus an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil, an tÚdarás Cosanta Iascaigh Farraige, an tSeirbhís Chabhlaigh, Foras na Mara, Iascaigh Intíre na hÉireann, agus Coimisinéirí Soilse na hÉireann.

Ag glacadh sin san áireamh, déanfar imscrúdú ar roghanna le haghaidh forfheidhmithe pleanála muirí a chuirfidh béim láidir ar:

- Oibleagáidí comhréireachta soiléir ag teacht ó chreat cinnteoireachta deaslabhartha go soiléir, bunaithe ar pholasaithe pleanála muirí agus aidhmeanna leagtha amach sa Chreat Náisiúnta um Phleanáil Muirí;
- An riachtanas do shealbhóirí comhthola comhréireacht a chruthú agus a léiriú;
- Comhoibríocht idir comhlachtaí le freagrachtaí pleanála muirí, le béim ar tras-chomhréireacht;
- Roinnt faisnéise, saineolais agus acmhainní nuair is cuí; agus,
- Cur chuige solúbtha chun acmhainní a imlonnú, ag glacadh san áireamh cumas geografach chomh maith le feidhmiúil.

Tugann Cuid 6, Caibidil 1 leagan amach ar an réim fhorfheidhmithe maidir le comhthola an limistéir muirí.

Tugann Cuid 6, Caibidil 2 leagan amach ar an réim fhorfheidhmithe maidir le bainistíocht forbartha.

Tugann Cuid 6, Caibidil 3 leagan amach ar fhorálacha lena n-áirítear coireanna agus cumhachtaí bhreise d'údaráis áitiúla maidir le gníomhaíochtaí áirithe sa limistéar neasfharraite nó talaimh taoide. Tá na forálacha sin beartaithe chun nua-aoisiú a dhéanamh ar chumhachtaí leagtha amach in Acht Urthrá agus iad a athchur, bronnta faoi láthair ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (MHLGH), agus freagracht a aistriú don fhorfheidhmiú sin chuig údaráis áitiúla.

Beidh na forálacha sa bhreis ar aon chumhachtaí reatha bronnta d'údaráis áitiúla faoi réir reachtaíochta eile. De réir na caibidle seo, is coir é ábhar an trá a shuaitheadh, ábhar a leagan nó earraí díobhálacha a chur i limistéar neasfharraige agus tá forálacha ann do chumhachtaí forfheidhmithe tríd na cúirteanna ar deireadh.

Is aidhm le Cuid 6, Caibidil 4 forálacha a dhéanamh do go leor cúinsí nár chinntigh forbairt agus lonnaíocht urthrá, roimh achtú/tús na reachtaíochta MPDM seo, cead pleanála agus comhthoil araon faoi réir an Achta Urthrá.

Ceadóidh sé sin breithniúchán ar fhorbairt faoi réir forálacha reatha in Acht Pleanála agus Forbartha 2000 i gcomhair coinneála nó athraithe comhthola, más inghlactha don MHLGH. Mura n-éiríonn le iarratasóir na faomhaidh riachtanacha a dhaingniú, d'fhéadfaí bearta forfheidhmithe a ghlacadh faoi réir Caibidil 1 agus 2 leis an gcuid seo. Má dhaingníonn iarratasóir an cead pleanála riachtanach, is féidir breithniúchán a thabhairt ar iarratas eile ansin ar chomhthoil limistéir muirí. Baineann na bearta sin leis an neasfharraige amháin agus níl siad infheidhmithe ar fhorbairt suibiachta Coda 5 chaibidlí 2-4 (forbairt easchósta).

Ní bhainfidh na bearta sin ach d'fhorbairt thógtha roimh achtú/tús ar an reachtaíocht MDPM sin.

Cuid 7: Leasuithe do Reachtaíocht Eile.

Tugann Cuid 7, Caibidil 1 leagan amach do go leor leasuithe ar an Acht Urthrá 1933 (de réir leasaithe) a theastaíonn.

Tá Cuid 7, Caibidil 2 beartaithe chun go leor leasuithe iarmhartacha do reachtaíocht eile a leagan amach chun leanúnachas a chinntiú d'fheidhmeanna a fuair tionchar ón reachtaíocht MDPM sin agus, nuair is féidir, éifeachtachtaí agus feabhsuithe a chur. I ngeall ar nádúr casta na reachtaíochta sin, teastaíonn a thuilleadh forbartha i gcomhoibríocht le Ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha.

Aguisín 2: Seicheamh agus Idirghníomhú Comhthola

Staideanna	Próiseas	Údarás Ábhartha
Creat Náisiúnta um Phleanáil Muirí (NMPF)	• Ráiteas Pholasaí Pleanála Muirí • Plean Spáis Muirí • Ardán sonraí spásúil • Comhthéacs an pholasaithe • Treoirlínte reachtúla	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta - agus Ranna Earnála
Comhthoil Limistéir Muirí (MAC)	• Seicliosta réamh-iarratais • Duine cuí agus cóir • Cumais teicniúla agus airgeadais • Coimhlintí spásúla • Téarmaí Airgeadais • Coinníollacha caighdeánacha um lonnaíocht • Gan athrú ábhartha ar an tairiscint	An tAire Ábhartha - An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta/An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáidí
Bainistíocht Fhorbartha	• Pleanáil cuí (NMPF agus Creat Náisiúnta Pleanála) • Measúnú Cuí • Comhairleoireacht Gheallshealbhóirí • Rannpháirtíocht an phobail • Breithniúcháin sonracha don tairiscint	Údarás Pleanála an Chósta An Bord Pleanála
Forfheidhmiú	• Forfheidhmiú Comhthola Limistéir Muirí • Forfheidhmiú bhainistíochta forbartha	Oifig um Fhorfheidhmiú Forbartha Muirí

Aguisín 3: Staideanna agus Róil

	Forbróir	An tAire Ábhartha	Údarás Comhthola Forbartha	Geallshealbhóirí	Poiblí	Údarás Forfheidhmithe
Creat Náisiúnta um Phleanáil Muirí	-	An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Soiléire spáis agus polasaithe (pleananna spáis muirí) Treoirlínte reachtúla Ardán sonraí (iarratais agus comhthola bronnta)	Ionchur san ardán sonraí	Ionchur i bpleananna muirí	Ionchur i bpleananna muirí	-
Dearadh tionscadail	Idirghníomhaíocht dheonach leis an bpobal agus geallshealbhóirí	-	-	Idirghníomhaíocht le forbróir	Idirghníomhaíocht le forbróir	-
Comhthoil Limistéir Muirí	Baineann sé leis an Aire Ábhartha	Coimhlintí spásúla dóchúla agus cumas an fhorbróra chun tionscadal a chríochnú	-	-	-	-
Réamh-iarratas	Comhairleoireacht leis an Stát agus Geallshealbhóirí eile - treoirlínte Reachtúla	-	Scóip i gcomhair cásanna áirithe	Idirghníomhaíocht le forbróir	Idirghníomhaíocht le forbróir	-
Comhthoil Forbartha	Baineann sé le LA nó Bord mar is cuí	-	Pleanáil cuí agus measúnuithe comhshaoil	Rannpháirtíocht fhoirmiúil an phobail	Tugann sé breithniúcháin sonracha an earnála	-
Athrú ábhartha ar an tairiscint nó cúinsí	Baineann sé le LA nó Bord mar is cuí	-	Pleanáil cuí agus measúnuithe comhshaoil	Rannpháirtíocht an phobail	Tugann sé breithniúcháin sonracha an earnála	-
Forfheidhmiú	Comhréireacht le coinníollacha comhthola	Ábhair a bhaineann le MAC	-	-	-	Ábhair a bhaineann le Comhthoil Forbartha

Giorrúcháin

AA Measúnú Cuí

ABP An Bord Pleanála

CIL Coimisinéirí Soilse na hÉireann

DAFM An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Muirí

DECC An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáidí

DHPLG An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

DTTAS An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

FEZ Limistéar Eisiach Eacnamaíochta

EIA Measúnú ar Thionchar Comhshaoil

EPA Gníomhaireacht um Chosaint an Chomhshaoil

HWM Líne Bairr Láin

LA Údarás áitiúil

MAC Comhthoil Limistéir Muirí

MAFA Leasú Muirí agus Urthrá (dréacht an Bhille roimhe)

MECC An tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáidí

MHPLG An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

MLSG Grúpa Stiúrtha Reachtaíochta Muirí

MPDM Pleanáil Muirí agus Bainistíocht Fhorbartha (Bille)

MPPS Ráiteas Pholasaí Pleanála Muirí

MSP Pleanáil Spáis Muirí

NMPF Creat Náisiúnta um Phleanáil Muirí

OMDE Oifig um Fhorfheidhmiú Forbartha Muirí

OPC Oifig Chomhairle na Parlaiminte

ORE Fuinneamh Inathnuaite Easchósta

PDA Achtanna Pleanála agus Forbartha (de réir leasaithe)

RED Treoir Fuinnimh Inathnuaite

RESS Scéim Tacaíochta d'Fhuinneamh Inathnuaite

SFPA An tÚdarás um Chosaint Iascaigh

SMAZ Limistéar Gníomhaíochta Straitéiseacha Muirí

TSO Oibreoir an Chórais Tarchurtha

UNCLOS Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Dhlí na Farraige

Ullmhaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáidí

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland